Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10876 — BSA (LACTALIS) / AMBROSI)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 145/16)

1. An 19 Aibreán 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— BSA S.A.S. ("BSA", an Fhrainc), a bhaineann le grúpa Lactalis,

— Ambrosi S.p.A. Industria Casearia ("Ambrosi", an Iodáil).

Gheobhaidh BSA rialú aonair ar Ambrosi ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é BSA máthairchuideachta Lactalis Group, atá gníomhach ar fud an domhain i dtáirgeadh agus i soláthar táirgí déiríochta, go háirithe bainne óil, im, cáiseanna, táirgí déiríochta úra, uachtar agus táirgí déiríochta tionsclaíocha (púdar bainne, meadhg, etc.),

— Is cuideachta Iodálach í Ambrosi atá gníomhach i bpróiseáil, i dtáirgeadh agus i margaíocht cáiseanna na hIodáile, lena n-áirítear na cinn a chosnaítear faoi lipéad sonrúcháin tionscnaimh, le slabhraí miondíola, mórdhíoltóirí, agus gníomhaithe bia eile ar fud an domhain.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10876 — BSA (LACTALIS) / AMBROSI

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").